

IS FEARR BAINIS NÁ TÓRAMH. BEAN AS AN MBRUIDHIN

Fear agus bean a bhí mór le na chéile, bhí an- chion acab ar a chéile agus bhí súil acab pósadh bhí dreatháracha ag an mbean ní raibh duine bith ag an bhfear ach a mháthair. Thosuigh sé ag troid leis na dreatháracha ag sgliúchas le chéile. D'fan sé amach uatabh annsin, ní raibh sé a' dul isteach sa teach chor ar bith ná ag taobhachtáil na mná ach an oiread. Cailleadh an bhean óg, ní raibh sé a' dul chuig an tóramh dubhairt a mháthair leis go mba cheart dó dul chuig an tóramh. "Gabhfaidh mé ann," adeir sé "gléas sé suas é féin agus chuaidh sé amach a'dul chuig an tóramh. Ní mórán achair a bhí siubhalta aige nuair a chonnaic sé beirt fhear agus bean acab ag tigheacht idir iad ionann is dá mbeadh siad dá thabhairt chun an tighe go díreach. Nuair a chonnaic seisean iad chuaidh sé chun cainnte leob. "Síodh í do bhean," adeir siad, "a raibh muid dá tabhairt chun an tighe chugat. Tabhair féin anois isteach ag do mháthair í," adeir siad. "Shíl mé," adeir sé go raibh sí sin caillte, "níl sí caillte anois," adeir siad. "Seo í beo beathaidheach agat í. Nuair a bhéas sí fágtha ag do mháthair agat féadfaidh tú dul ag an tóramh má thogruigheann tú é. Níl aon bhaoghal dí níos mó. Ceapann siad go bhfuil sí ar an gclár acab, ach níl," adeir siad. Thug muid ó na daoine maithe chugat í as an mbruidean. Támuid féin ionntab," adeir siad, bhí fhios againn go raibh sibh mór lé chéile agus thug muid chugat í. Nuair a gabhfas tú isteach ag an tóramh ná cuir aon tsuim innte ach tosuigh ag fadú teine a rádh go ndógfaidh tú féin í," Thug sé isteach ag an mháthair í. "Shíl mé go raibh sí sin caillte," adeir an mháthair. "Níl," adeir sé ghoir agus chaisrig a mháthair í agus dubhairt sí 'chuile rud dá fheabhas dár fhéad sí a rádh léithe "a raibh tú sa mbruidhean a Mháire?" adeir sí. "bhíos," adeir Máire "cé thug amach thú?" thug beirt col ceathracha leis féin amach mé. Bhí troid mhór ann agus fuair siadsan an bhuachtáil. Tá duine i n'áit ar an gclár le dhá lá "féadfaidh tusa dul chuig an tóramh anois," adeir sí agus an rud a dubhairt an bheirt leat a dhéanamh," adeir sí leis an bhfear "níl aon dochar duit ann, "nuair a rachas tú dá dógha feicfidh tú rud éicint eile an uair sin." Nuair a tháinig sé isteach ag máthair na mná thosuigh sí ag caoineachán "nach fada go dtáinig tú," adeir sí. Nach fada go dtáinig tú, "adeir sí "níl sí sin chor ar bith ann," adeir sé tá sí sa mbaile agam-sa agus í i n-éinfeacht le mo mháthair, ach dógfaidh mise í sin," adeir sé. Nuair a bhí an teine faduighthe aige chuaidh sé suas go mbeireadh sé ar rud a bhí ar an gclár go gcaitheadh sé sa teine é Déirigh an corp ina cat agus chuaidh sé amach ar an bhfuinneog de léim ar an tsráid. Nuair a d'imthigh an cat d'éirigh na dreatháracha go ndeachadar chun an tighe in-éinfeacht leis ag ceapadh gur ag déanamh bréag a bhí sé bhí sé ann rómpab.

Phósadar lár na bhárach agus má phós féin bhí sé ráidhte má phós féin gur éirigh an saoghal
thar cionn leob. Is fearr bainis ná tóramh.

1/12/1931.